


17. Teidí Beag Buí

Seo é Teidí, Teidí beag buí,
Thit sé sa chló is tá sé an-tinn;
Faigh an dochtúir is cuir é ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.
Is maith liom Teidí, Teidí beag buí.
Tá sé ina leaba, tá sé ina luí.

Tiocfaidh an dochtúir go tapaidh chun an tí,
Leigheasfaidh sé Teidí, Teidí beag buí.
Anois tá Teidí, Teidí beag buí
Ag súgradh liomsa, ag déanamh spraoi;
Níl sé ina leaba, níl sé ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.

18. Abair do Phaidreacha

Abair do phaidreacha, nigh do lámha,
Ith do bhriceasta, faigh do mhála;
Cóta ort, seo duit do lón,
Déan deifir anois go dtí an ród.



19. An Bhfaca Tú an Veidhleadóir?

An bhfaca tú an veidhleadóir,
An veidhleadóir, an veidhleadóir,
Ag seinm ar a veidhlín?
An bhfaca tú an píobaire,
An píobaire, and píobaire?
An bhfaca tú an píobaire
Ag seinm ar na píobai?
An bhfaca tú an cláirseoir,
An cláirseoir, an cláirseoir?
An bhfaca tú an cláirseoir
Ag seinm ar an gcláirseach?

Ceoltóirí/Musicians

Amhránaí & tionlacain ghiotáir/Vocals & guitar: **Treasa Ní Cheannaigh**
Cur síos ar gach amhrán/Song introductions: **Aidan O'Hara**

Admhálacha Ceoil/Music Credits

Trad (except where noted), arr. **Treasa Ní Cheannaigh**
MCPS ©© 2005 Ashton Productions

Léiriú/Production

Léiritheoir/Producer: **Joyce O'Hara** Fuaim/Sound: **Fred Meijer**
Dearadh & Leagan amach/Artwork & Design: **Terry Bannon**

Aitheantas: Rinneamar ár ndícheall cumadóirí na n-amhrán a aimsiú. D'éirigh linn leis an dá cheann seo, *Clip Clop a Chaipailín le Seán Creamer*, agus *Seáinín ar a Rothar le Máirín Ní Chonaill*. Beidh áthas orainn gach aitheantas a thabhairt i gcás na n-amhrán eile, ach eolas a fháil ar cé hiad na cumadóirí.

Acknowledgements: Every effort has been made to trace and acknowledge copyright owners. We succeeded in the following: *Clip Clop a Chaipailín* by Seán Creamer, and *Seáinín ar a Rothar* by Máirín Ní Chonaill. If any right has been omitted, the publishers offer their apologies and will rectify this in any subsequent editions.

Buíochas/Thanks:

Foras na Gaeilge agus An tIonad Múinteoirí, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 3
Foras na Gaeilge and The Teacher's Centre, Drumcondra, Dublin 3

Teidil eile atá ar fáil/Other CD Titles

- Canaimis le Chéile
- Children's Action Songs
- The Alphabet Through Song
- Let's Move to Music
- Addition & Subtraction Tables in Song
- Multiplication & Division Tables in Song
- Four Seasons - Action Songs
- The Christmas Season

CONTACT Ashton Productions, 9 Chestnut Close, Clonbalt Woods, Longford, Ireland

TEL/FAX 04331728; from abroad (+353) 4331728

EMAIL info@ashtonproductions.ie **WEBSITE** www.ashtonproductions.ie

19
amhrán
leis na
focail
istigh

Aois:
7 mbl. agus
faoi bhun

An tAmhránaí

Óg



Treasa Ní Cheannaigh & Aidan O'Hara

19
songs
with
words
included

Age:
7 years and
under

An tAmhránaí Óg

le Treasa Ní Cheannaigh & Aidan O'Hara

Níl slí ar bith níos fearr ann chun an Ghaeilge a mhúineadh do pháistí ná tré mheán an cheoil. Is breá le páistí bheith ag canadh mar gur spórt is scléip atá ann, ach le linn dóibh bheith ag canadh amhráin, tá siad ag foghlaim; tá siad ag cur lena stór focal agus ag méadú ar a n-eolas faoi seo agus siúd i gcónaí.

Tá breis agus scór amhrán ar an dlúthdhiosca seo, An tAmhránaí Óg, agus tá réimse leathan ábhar ann freisin. Bainfidh na páistí lán taitneamh agus tairfe as cinnte.

Is í Treasa Ní Cheannaigh as Tuaim, Co. na Gaillimhe, an tamhránaí, agus seineann sí an giotár. Is oide bun scoile í agus bíonn sí ag ceol na mbailléidí i gcónaí ar an stáidse. Cuireann an scríobhnóir agus craoltóir, Aidan O'Hara, "intro" gairid do gach amhrán; ba oide bun scoile é freisin ar feadh tamall. Tá na focail ar an dlúthdhiosca seo fuaimnithe go soiléir ag Treasa agus Aidan, rud a chabhraíonn go mór leis an duine óg atá ag éisteacht.

One of the most effective and, indeed, most pleasant ways of learning Irish is through music. Children love to sing because it's simply fun; but as they sing their songs, they learn: they are adding to their vocabulary and increasing their knowledge all the while.

There are more than 19 songs covering a wide range of subjects on this *An tAmhránaí Óg* CD. It is sure to give the children a great deal of joy and fun.

Singer, **Treasa Ní Cheannaigh**, from Tuam, Co. Galway, accompanies herself on the guitar. She is a primary school teacher with many years experience also in singing and playing on stage. The songs are introduced by writer and broadcaster, **Aidan O'Hara**, who was once a teacher himself. The words are clearly enunciated by Treasa and Aidan, and this adds considerably to the pleasure and ease of listening.

1. Mise an Traein

Mise an traein, puf, puf, puf;
Mise an madra, bhuf, bhuf, bhuf;
Mise an bus, bíp, bíp;
Mise an sícín, tsíp, tsíp, tsíp.

2. Tic Toc

Tic toc, tic toc, deireann clog mo Dheaidí.
Tic toc, tic toc, sin é clog mo Dheaidí.
Deireann clog mo Mhamáí,
Tic toc, tic toc, tic toc, tic.

3. Dún do Shúile

Dún do shúile, a ghrá mo chroí,
Téigh a chodladh is lig do scéith;
Dún do shúile, dún iad, a ghrá,
Téigh a chodladh go dtiocfaidh an lá.

4. Lámh is Cos

Lámh is cos ag bualadh bos,
Teanga béil ag caint gan chéill,
Súil is ceann le spórt is greann,
A dhéanamh do na páistí.

5. Bhí Nead ag Nuala

Bhí nead ag Nuala thuas ar an gcrann,
Thuas ar an gcrann, thuas ar an gcrann;
Bhí nead ag Nuala thuas ar an gcrann,
Cú-cú cú-cú cú.

Bhí cat ag Nuala ...
Mí-aú-mí-aú-mí-aú-mí-aú-mí-aú.

Bhí bó ag Nuala istigh sa chró ...
Mú mú mú mú mú.

Bhí bábóg Nuala ag gol sa teach ...
Bú hú hú hú hú.

6. Deir an Bhó

Ó haí ó haí deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró;
Ó haí ó haí deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró;
Ó haí ó haí deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró;
Ó haí ó haí deir an bhó.

7. Saighdiúir Mise

Saighdiúir mise ag máirseáil thart,
Clé deas, clé deas, clé deas, thart.
Gréasaí mise ag deisiú bróg,
Tic tac tic tac ar mo bhróg.
Gabha mise sa cheárta mhór,
Buail, buail ar inneoin.
Fear an phoist mé ag siúl an ród.
Cnag, cnag, cnag gach uair sa ló.

8. Fear an Phoist

Tá fear an phoist ag teacht anois,
Ag teacht anois, ag teacht anois;
Tá fear an phoist ag teacht anois
Le beartán mór ó máintín.

D'oscail mé go tapaidh é,
Go tapaidh é, go tapaidh é,
D'oscail mé go tapaidh é,
An beartán mór ó máintín.

Teidí mór a chuir sí chugam ...
Is maith liom é mo Theidí.

9. Clip, Clop, a Chapaillín (Seán Creamer)

Clip, clop, clip, clop, clip, clop, a chapaillín (x3)
Sodar ar an aonach.
Clip, clop, clip, clop, clip, clop, a chapaillín (x3)
Rachaimid le chéile.
Clip, clop, clip, clop, clip, clop, a chapaillín (x3)
Tiocfaimid abhaile.
Clip, clop, clip, clop, clip, clop, a chapaillín (x3)
Beimid tuirseach traochta.

10. Sícín Beag

Sícín beag a chuaigh amú,
Bhí Mamaí bhocht ag gol bú hú;
Tháinig Seán is fuair sé é,
Thug sé ar ais do Mhamáí é.
Ha ha ha, hí hí hí,
Sícín beag is é 'na luí.
Ha ha ha, hí hí hí,
Sícín beag is é 'na luí.

11. Seánín ar a rothar (Máirín Ní Chonail)

Seánín ar a rothar ag dul síos an bóthar;
Seánín ar a rothar, aon, dó, trí.
Seánín ar a rothar, thit sé ar an mbóthar;
Seánín beag ag caoineadh, aon, dó, trí.
Seánín beag ag gáire, ag imirt lena cháirde.
Seánín beag ag gáire, aon, dó, trí.

12. Lám, Lámh Eile

Lámh, lámh eile, a haon, a dó;
Cos, cos eile, a haon, a dó;
Cluas, cluas eile, a haon, a dó;
Súil, súil eile, a haon, a dó.
Ceann, srón, béal, smig,
Agus fiacla bána sa bhéal istigh.

13. Cístí Deasa

Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé,
Cístí deas' i gcomhair an tae,
Úlla deas' is bananaí buí,
Lolaípop is oráistí.

14. Páistí Óga

Páistí óga ag teacht ar scoil,
'Teacht ar scoil, 'teacht ar scoil;
Páistí óga ag teacht ar scoil,
Ag teacht ar scoil gach maidin.

Páistí óga 'léimnigh thart, etc.
Páistí óga ag imirt peil', etc.
Páistí óga ag ithe lón, etc.
Páistí óga ag fágáil slán, etc.

15. Seasaigí Suas

Seasaigí suas, is suígí síos,
Is seasaigí suas arís;
Is lámha síos, is lámha aníos,
Is lámha ar gach taobh.
Ó lámha amach, is lámha isteach,
Is lámha amach arís,
Is lámha suas, is lámha anuas,
Is lámha ar gach taobh.

16. Didildí Deighdildí

Didildí deighdildí deighdildí,
Didildí deighdildí dum;
Didildí deighdildí deighdildí,
Didildí deighdildí dum.
Bhí Máirín is Seánín ag léimnigh,
Bhí Máirín is Seánín ag rith.
Bhí Máirín is Seánín ag léimnigh,
Is thit siad anuas ón gcnoc.
Didildí, etc.